Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2013*

# *Gaeilge*

# *Bonnleibhéal*

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

360 MARC

**Dé Luain**
**10 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CLUASTUISCINT** | |
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.


**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Niamh?




**Ceist 1 (b)** Cén caitheamh aimsire is fearr le Niamh?

| | |
|---|---|
| Taisteal | |
| Éadaí a cheannach | |
| Haca a imirt | |


**Ceist 2 (a)** Cén cúrsa atá á dhéanamh ag Pádraig?




**Ceist 2 (b)** Cé chomh minic is a théann Pádraig abhaile go Ciarraí?

| | |
|---|---|
| Gach deireadh seachtaine | |
| Uair sa mhí | |
| Uair sa bhliain | |


**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil siopa an táilliúra? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir i bPort Laoise amárach?




**Ceist 5 (b)** Cén táille a bheidh ar an mbus?

| | |
|---|---|
| €7 | |
| €8 | |
| €10 | |

**Ceist 6 (a)** Cá raibh Ciara tráthnóna inné?

| | |
|---|---|
| Sa rang Mata | |
| San oifig | |
| Ar an bpáirc imeartha | |

**Ceist 6 (b)** Cé mhéad cárta buí a thug Ciara amach?

| | |
|---|---|
| Ceann amháin | |
| Dhá cheann | |
| Trí cinn | |

**Ceist 7 (a)** Conas a bhris Liam a chos?

| | |
|---|---|
| Ar ghluaisrothar | |
| Ag imirt rugbaí | |
| Thit sé de chrann | |

**Ceist 7 (b)** Cad a bhí sa gharáiste an t-am ar fad?

| | |
|---|---|
| Carr | |
| Dréimire | |
| Otharcharr | |

**Ceist 8 (a)** Cá raibh Sorcha ar an Satharn?

| | |
|---|---|
| Ar saoire | |
| San oifig thaistil | |
| In árasán | |

**Ceist 8 (b)** Cén margadh a gheobhaidh Maidhc?

| | |
|---|---|
| Saoire ar €200 | |
| Saoire ar €300 | |
| Saoire ar €400 | |

**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).


**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)

| | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| 1. **Club Sacair** Traenáil Dé Máirt agus Dé hAoine 7 p.m. | 1 | |
| 2. **Siopa Bearbóra** Ar Oscailt **ó Luan go Satharn 8 a.m.** | 2 | |
| 3. Cór na Scoile Cleachtadh 3-5 p.m. Gach Déardaoin | 3 | |
| 4. **Bóthar Dúnta romhat** Rás Rothaíochta ar siúl | 4 | |
| 5. **Féile Scannán Baile Átha Cliath 7-15 Feabhra, 2014** | 5 | |
| 6. **Ticéad Páirceála Ar fáil anseo €2 san uair** | 6 | |
| 7. **Seó Faisin** Óstán na Mara Cead Isteach €10 | 7 | |
| 8. **Árasán ar cíos** An dara hurlár 21 Sráid na Cille | 8 | |
| 9. **Grianghrafadóir** don ócáid speisialta sin 087-312 432 | 9 | |
| 10. **Rásaí na gCapall** Gaillimh 22-28 Iúil | 10 | |





























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

237 An Bóthar Ard,
Cluain Tarbh,
Baile Átha Cliath 3.

An Bainisteoir,
'Taisteal Leat',
Bré,
Co. Chill Mhantáin.

12 Bealtaine, 2013.

A Bhainisteoir, a chara,

Chonaic mé sa nuachtán inné go bhfuil folúntas agat do chúntóir san oifig thaistil i mBré, Co. Chill Mhantáin. Ba mhaith liom cur isteach ar an bpost sin.

Tá mé naoi mbliana déag d'aois. Rinne mé an Ardteistiméireacht in 2012. Fuair mé grád C sa Mhatamaitic, agus grád B sa Bhéarla agus sa Stair. Is breá liom bualadh le daoine. Mar chaitheamh aimsire, bím ag léamh agus ag siúl. Cé gur duine aclaí mé, ní imrím cluichí páirce.

Tá post páirtaimseartha agam in oifig dlíodóra faoi láthair agus bím ag obair ansin trí lá sa tseachtain. Tá an-suim agam sa taisteal. Chaith mé saoire thar lear go minic le mo thuismitheoirí. Tá scileanna ríomhaireachta agam agus tá mé lánsásta cúrsa traenála a dhéanamh. Cé go bhfuil ceadúnas tiomána agam níl carr agam fós. Ach beidh mé ábalta dul go Bré ar an Dart gan stró.

Istigh leis seo tá teastas agam ó mo sheanscoil. Tá mé sásta freastal ar agallamh am ar bith.

Is mise,
Síle Ní Bhriain

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Síle Ní Bhriain ina cónaí?

| | |
|---|---|
| Bré | |
| Cluain Tarbh | |
| Thar lear | |

**2.** Cathain a chonaic Síle an fógra sa nuachtán?

| | |
|---|---|
| Inné | |
| Arú inné | |
| Inniu | |

**3.** Cá bhfuil an folúntas?

| | |
|---|---|
| I nuachtán | |
| In oifig dlíodóra | |
| In oifig thaistil | |

**4.** Cén grád a fuair Síle sa Stair san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**5.** Cén ceadúnas atá ag Síle?

| | |
|---|---|
| Ceadúnas píolóta | |
| Ceadúnas teilifíse | |
| Ceadúnas tiomána | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

# Fáilte go Gaeltacht Phort Láirge



Leath bealaigh idir Corcaigh agus Port Láirge atá an Rinn, ceann de na Gaeltachtaí is lú in Éirinn. Is é Dún Garbhán an baile mór is gaire di.

Níl ach dhá pharóiste sa cheantar álainn seo agus míle go leith Gaeilgeoirí. Tá scoláirí Gaeilge ag teacht go dtí an áit seo le breis is céad bliain. Tagann míle scoláire go Coláiste na Rinne gach samhradh chun Gaeilge a fhoghlaim.

Ach ní do scoláirí Gaeilge amháin an ceantar seo. Tá iarsmaí na staire anseo don chuairteoir. Tá teach solais ann ón mbliain 1851 agus Reilig an tSléibhe a théann siar go dtí aimsir an Ghorta.

Cloisfidh an cuairteoir ceol traidisiúnta á sheinm anseo, feicfidh sé gach saghas éanlaithe ar na haillte agus íosfaidh sé bia mara den scoth sna bialanna. Tá dhá thrá fhíorghlana anseo agus an brat gorm orthu. Tá ceardlann ann ina ndéantar "Criostal na Rinne". Tá tithe lóistín breátha sa cheantar. Bíonn "Féile Oisrí na Rinne" ar siúl gach Iúil, "Tionól Ceoil" gach Feabhra agus "Daonscoil na Mumhan" gach Lúnasa.

***Más mian leat an cultúr beo bríomhar a bhlaiseadh, bí linn sa Rinn.***
***Beidh fáilte romhat.***

**Ceisteanna**

**1.** Cén baile mór is gaire don Rinn?

| | |
|---|---|
| Corcaigh | |
| Dún Garbhán | |
| Port Láirge | |

**2.** Cé mhéad scoláire Gaeilge a thagann go Coláiste na Rinne gach samhradh?

| | |
|---|---|
| 1,000 | |
| 1,500 | |
| 10,000 | |

**3.** Cad a théann siar go dtí aimsir an Ghorta sa Rinn?

| | |
|---|---|
| An coláiste | |
| An teach solais | |
| Reilig an tSléibhe | |

**4.** Cad a íosfaidh an cuairteoir sna bialanna sa Rinn?

| | |
|---|---|
| Bia mara | |
| Éanlaith | |
| Leite | |

**5.** Cén mhí a mbíonn an "Tionól Ceoil" sa Rinn?

| | |
|---|---|
| Feabhra | |
| Iúil | |
| Lúnasa | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

# Timpeall na Cruinne … go Gaillimh

I mí Iúil na bliana 2012, tháinig muintir uile na Gaillimhe amach ar a dó a chlog san oíche. Bhí siad ag cur céad míle fáilte abhaile roimh na báid agus roimh na mairnéalaigh ag críoch "Rás Volvo" timpeall na cruinne.

I mí Dheireadh Fómhair 2011 a thosaigh an rás in Alicante, sa Spáinn. Bhí sé bhád páirteach sa rás agus bhí deichniúr mairnéalach ar bord gach báid. D'imigh na báid ó dheas ag tús an ráis, timpeall na hAfraice agus diaidh ar ndiaidh d'imigh siad soir i dtreo Mheiriceá Theas. I mí Aibreáin bhí siad ar ais san Atlantach. Thug siad cuairt ar chósta Mheiriceá sular fhill siad ar an Eoraip. Bhí TG4 dá leanúint i gcónaí agus ag craoladh clár fúthu go rialta. Ag deireadh an Mheithimh, bhí na báid in Lorient sa Fhrainc ag tosú ar an gcéim dheiridh go Gaillimh. Bhí pobal na Gaillimhe ag ullmhú agus ag faire amach dóibh.



Ba iad muintir Árann a chonaic na báid i dtosach agus iad ag casadh ag an teach solais. Ar chósta Chonamara, bhí tinte cnámh ar lasadh agus bhí na céadta bád agus na mílte duine, idir óg agus aosta, ar na dugaí i nGaillimh ag cur fáilte rompu. Níor chodail aon duine an oíche sin! Lean an chóisir sin ar feadh seachtaine. Dúirt Damian Foxall, mairnéalach Éireannach a bhí ar bord ceann de na báid seoil, go raibh sé bródúil as an bhfáilte a cuireadh rompu go léir.

**Ceisteanna**

**1.** Cén mhí in 2012 ar chríochnaigh "Rás Volvo"?

| | |
|---|---|
| Aibreán | |
| Iúil | |
| Deireadh Fómhair | |

**2.** Cé mhéad bád a bhí páirteach i "Rás Volvo"?

| | |
|---|---|
| 6 | |
| 10 | |
| 20 | |

**3.** Cén treo ar imigh na báid ag tús an ráis?

| | |
|---|---|
| Soir | |
| Siar | |
| Ó dheas | |

**4.** Cén áit a raibh tinte cnámh ar lasadh do na báid?

| | |
|---|---|
| Ar Árainn | |
| Ar chósta Chonamara | |
| I nGaillimh | |

**5.** Cad as don mhairnéalach Damian Foxall?

| | |
|---|---|
| An Spáinn | |
| Éire | |
| Meiriceá Theas | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Aisteoir Cumasach Gaelach



Rugadh Brendan Gleeson i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1955. Bhíodh sé i gcónaí ag léamh. Chuir sé suim sa drámaíocht amaitéarach agus rinne sé traenáil mar aisteoir. Tar éis dó freastal ar an ollscoil thosaigh sé ag múineadh Gaeilge agus Béarla i meánscoil i dtuaisceart na cathrach. San oíche ba mhinic dó a bheith ag gabháil don aisteoireacht. Phós sé sa bhliain 1982. Sa bhliain 1991, d'éirigh sé as a phost mar mhúinteoir chun bheith ina aisteoir gairmiúil lánaimseartha. Ba ghearr go raibh leithéid Steven Spielberg agus stiúrthóirí scannán eile á lorg.

Is liosta le háireamh é na róil agus na scannáin ar ghlac Brendan páirt iontu. Ina measc tá a ról mar Hamish sa scannán "Braveheart", ról Mad-Eye Moody i scannáin "Harry Potter" agus ról le Colin Farrell sa scannán "In Bruges". Tá Brendan fós ina chónaí in Éirinn. Tá suim aige i scannáin a bhaineann le saol na hÉireann. Cé a dhéanfaidh dearmad air mar Gerry Boyle sa scannán "The Guard"? Ní dhearna Brendan dearmad riamh ar an nGaeilge agus ghlac sé ról lárnach sa ghearrscannán "Cáca Milis". Tá suim faoi leith aige sa cheol traidisiúnta agus seinneann sé an fhidil.

Bíonn Brendan gnóthach i gcónaí agus i mbliana cloisfear a ghuth sa scannán "The Smurfs 2". Faoi láthair, tá sé ag obair ar scannán den leabhar "At Swim-Two-Birds" a scríobh an t-údar cáiliúil Flann O'Brien.

**Ceisteanna**

**1.** Cad a rinne Brendan tar éis dó freastal ar an ollscoil?
Thosaigh sé …

| | |
|---|---|
| Ag déanamh scannán | |
| Ag léamh | |
| Ag múineadh | |

**2.** Cén bhliain ar éirigh Brendan as a phost mar mhúinteoir?

| | |
|---|---|
| 1955 | |
| 1982 | |
| 1991 | |

**3.** Cén ról a bhí ag Brendan i scannáin Harry Potter?

| | |
|---|---|
| Gerry Boyle | |
| Mad-Eye Moody | |
| Hamish | |

**4.** Cá bhfuil Brendan ina chónaí?

________________________________________

**5.** Cén gléas ceoil a sheinneann Brendan?

| | |
|---|---|
| An fheadóg | |
| An fhidil | |
| An giotár | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

# Fleá Cheoil na hÉireann

Ní haon ionadh é go gcuireann muintir na hÉireann spéis sa cheol traidisiúnta. Nach bhfuil an chláirseach mar shiombail oifigiúil ag Rialtas na hÉireann?

Le seasca bliain anuas tá fás mór tagtha ar an líon daoine a chuireann spéis i gceol traidisiúnta na tíre.

Bunaíodh Comhaltas Ceoltóirí Éireann chun an ceol traidisiúnta a mhúineadh agus a cheiliúradh. Cuireadh Fleá Cheoil na hÉireann ar siúl den chéad uair sa bhliain 1951 sa Mhuileann gCearr. Bhailigh 250 ceoltóir le chéile agus tháinig slua mór chun éisteacht leo. Bíonn Fleá Cheoil ann gach bliain anois.

Bhí 10,000 ceoltóir agus 250,000 cuairteoir i láthair ag an bhFleá Cheoil i mbaile an Chabháin anuraidh.

Bíonn Scoil Éigse ann roimh gach Fleá Cheoil chun ceol a mhúineadh. Bíonn ceardlanna ceoil, ranganna amhránaíochta agus taispeántais ó na máistrí ceoil ar siúl sa Scoil Éigse.

Bíonn comórtais cheoil de gach saghas agus do gach aoisghrúpa ar siúl ag an bhFleá Cheoil féin. Cuirtear ceolchoirmeacha ar siúl go poiblí. Bíonn an ceol le cloisteáil amuigh faoin aer ar na sráideanna ó mhaidin go hoíche. Is cuma faoin aimsir, baineann gach aon duine sult as.

I mbliana, beidh Fleá Cheoil na hÉireann ag dul trasna na teorann den chéad uair riamh, go Cathair Dhoire. Beidh ceol agus siamsa sa chathair stairiúil sin ar feadh naoi lá i lár mhí Lúnasa.

**Ceisteanna**

**1.** Cén tsiombail oifigiúil atá ag Rialtas na hÉireann?

| | |
|---|---|
| An ceol | |
| An chláirseach | |
| An tseamróg | |

**2.** Cén fáth ar bunaíodh Comhaltas Ceoltóirí Éireann?

________________________________________________________

**3.** Cá raibh Fleá Cheoil na hÉireann an chéad uair a bhí sí ann?

| | |
|---|---|
| An Cabhán | |
| An Muileann gCearr | |
| Cathair Dhoire | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl sa Scoil Éigse?

| | |
|---|---|
| Ceardlanna | |
| Ceolchoirmeacha | |
| Comórtais | |


**5.** Cá fhad a bheidh an Fhleá Cheoil i gCathair Dhoire?

| | |
|---|---|
| Ó mhaidin go hoíche | |
| Ar feadh bliana | |
| Ar feadh naoi lá | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

# Oíche na Báistí

Thit an bháisteach go trom aréir
Anuas ar dhíon an tí,
Is níor stad sí go raibh an mhaidin ann
Is gach éinne ina shuí.



Ba lochán é an gairdín,
Nuair a d'fhéach mé amach ar a seacht,
'S bhí sruthán donn i lár an bhaile
Nár spáráil áras ná teach.

Chuir mé orm mo bhuataisí
Is shiúil mé amach gan náire.
Is chonaic mé ansin san uisce
Mo scáil féin ag gáire!



D'oibrigh gach éinne go crua
Is d'ísligh an t-uisce go réidh.
Ní fhaca mé mo scáil a thuilleadh
Sa láib a bhí fágtha ina dhiaidh.

**Ceisteanna**

**1.** Cad a thit aréir?

| | |
|---|---|
| Díon an tí | |
| Báisteach | |
| Sneachta | |

**2.** Cathain a stad an bháisteach?

| | |
|---|---|
| Tráthnóna | |
| Aréir | |
| Ar maidin | |

**3.** Cad a bhí i lár an bhaile?

| | |
|---|---|
| Lochán | |
| Sparán | |
| Sruthán | |

**4.** Cad a chuir an file air féin?

____________________________________________

**5.** Cad a d'fhág an t-uisce ina dhiaidh?

| | |
|---|---|
| Gáire | |
| Láib | |
| Scáil | |

**Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II**


FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)


Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**


**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.











| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit a mbeidh sé? | Cén lá? Dáta? Am? Cead isteach? | Cén t-aoi speisialta? | Cá rachaidh an t-airgead? |
|---|---|---|---|

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tú ag obair san ospidéal seo don samhradh. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint dó / di:

- Faoin **ospidéal** (pointe **amháin** eolais) Pictiúr 1
- Faoin **obair** a dhéanann tú san ospidéal (**trí** phointe eolais) Pictiúr 2
- Faoi na **daoine** a fheiceann tú san ospidéal (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **am saor** agat (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 4

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.**

## LITIR

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú i láthair ag **Oíche Speisialta sa Chlub Óige** le déanaí.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Oíche Speisialta sa Chlub Óige**




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ag an linn snámha le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| ag sú na gréine<br>ag súgradh | ag béicíl<br>ag tafann | rug sé greim ar …<br>shábháil sé an … | uachtar reoite<br>áthas an domhain |

## EACHTRA A THARLA

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán